Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Meán Fómhair 2021**
**(OR. en)**

**11852/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0055(COD)**

**CODEC 1217**
**VETER 78**
**AGRILEG 196**
**SAN 550**
**DENLEG 72**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/625 a mhéid a bhaineann le rialuithe oifigiúla ar ainmhithe agus ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch a onnmhairítear ó thríú tíortha chuig an Aontas, rialuithe lena n-áiritheofaí comhlíonadh an toirmisc ar úsáidí áirithe frithmhiocróbach agus Rialachán (CE) Uimh. 835/2004 a mhéid a bhaineann le soláthar díreach feola ó éanlaith chlóis agus ó ghiorriaigh **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 9 Márta 2021, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], bunaithe ar Airteagail 43(2), 114 agus 168(4)(b) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 24 Lúnasa 2021[2].

3. Staon Coiste na Réigiún ó thuairim a thabhairt.

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 15 Meán Fómhair 2021. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

[1] 6916/21.
[2] IO C 341, 24.8.2021, lch. 107-107.
[3] 11761/21.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 46/21 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

6. Leagtar an ráiteas ón mBeilg atá le cur le miontuairiscí chruinniú na Comhairle amach in Aguisín 1.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.